Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**9135/23**

**JEUN 84**
**SUSTDEV 73**
**SOC 303**
**EDUC 157**
**EMPL 201**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir leis an ngné shóisialta d'Eoraip inbhuanaithe don óige |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí thuasluaite, a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 15-16 Bealtaine 2023.

Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir leis an ngné shóisialta d'Eoraip inbhuanaithe don óige

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE, AN MÉID SEO A LEANAS,

AGUS É Á MHEABHRÚ ACU:

1. go leagtar amach sna Spriocanna Eorpacha don Óige #3 agus #10 atá i gceangal le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh, dar teideal 'Sochaithe cuimsitheacha' agus 'Eoraip Ghlas Inbhuanaithe', go bhféachfar le gach duine óg a chuimsiú agus a áirithiú sa tsochaí, agus go ndéantar sochaí a bhaint amach ina mbeidh gach duine óg gníomhach ó thaobh an chomhshaoil de, ina mbeidh oideachas orthu agus iad in ann difear a dhéanamh ina saol laethúil[1].

[1] Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis an Aontais Eorpaigh i leith na hÓige 2019-2027, IO C 456 18.12.2018.

2. gur gníomhairí cumhachtacha don athrú agus don nuálaíocht iad daoine óga[2] agus gur comhpháirtithe riachtanacha iad i gcur chun feidhme chlár oibre 2030 don fhorbairt inbhuanaithe agus i gcur chun feidhme comhaontuithe agus ionstraimí iltaobhacha eile, lena n-áirítear Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide[3] agus an Comhaontú Glas don Eoraip[4]. Ina theannta sin, go n-athdhearbhaítear an prionsabal nach bhfágfar aon duine ar lár i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe[5]. De réir Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, tá sé de cheart ag gach leanbh a thuairimí a nochtadh go saorálach maidir leis na hábhair go léir a dhéanann difear don leanbh.[6]. Tá sé de cheart ag daoine óga páirt fhóinteach a ghlacadh i bhforbairt, cur chun feidhme, faireachán, meastóireacht agus obair leantach a dhéanamh ar na beartais a ndéanann difear dóibh agus don tsochaí i gcoitinne[7].

3. An t-idirphlé agus an fhreagracht idirghlúine a aithint mar bhunchloch don cheapadh beartais fónta[8], aitheantas a thabhairt don ról ríthábhachtach atá ag daoine óga i ngníomhaíocht chomhshaoil agus a thábhachtaí atá sé béim a leagan ar an dul chun cinn atá déanta maidir le rannpháirtíocht fhiúntach na hóige a chothú[9].

---

[2] Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige cuimsitheach chun dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe – Atógáil ar bhealach níos fearr tar éis ghéarchéim COVID-19 (9850/21).

[3] Na Náisiúin Aontaithe, Comhaontú Pháras, 2015.

[4] An Coimisiún Eorpach, Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *The European Green Deal* [Comhaontú Glas don Eoraip], COM(2019) 640 final.

[5] *Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development* [I mbun athrú: Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe]; Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, A/RES/70/1.

[6] Na Náisiúin Aontaithe, an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh. Rún 44/25 ón gComhthionól Ginearálta.

[7] Conclúidí ón gComhairle maidir le spásanna sibhialta a chosaint agus a chruthú do dhaoine óga lena n-éascaítear rannpháirtíocht fhóinteach na hóige (2021/C 501 I/04).

[8] Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngné idirghlúine i réimse na hóige a chur chun cinn chun idirphlé agus comhtháthú sóisialta a chothú (2022/C 495/03).

[9] Stócólm + 50, An Páipéar Domhanda maidir le Beartas na hÓige: *Third Official Version*, Bealtaine 2022.

4. Ba ugach breise í Bliain Eorpach na hÓige 2022[10] chun daoine óga, lena n-áirítear daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, a chumhachtú agus tacú leo eolas a fháil agus inniúlachtaí ábhartha a bheith acu chun go mbeidís ina saoránaigh ghníomhacha agus rannpháirteacha agus ina ngníomhaithe ar son an athraithe. I gComhdháil Chlabhsúir Bhliain Eorpach na hÓige 'Is leatsa an Todhchaí' an 6 Nollaig 2022, d'athdhearbhaigh lucht ceaptha beartas agus geallsealbhóirí i réimse na hóige a dtiomantas comhpháirteach dearcadh na hóige a phríomhshruthú i gceapadh beartas agus a rannpháirtíocht sna próisis ceaptha beartais a mhéadú. Iarradh freisin go ndíreofaí níos mó ar chúram sláinte coisctheach, ar fhadhbanna meabhairshláinte agus ar an uaigneas a chomhrac chomh maith le rannpháirtíocht mhéadaithe i ngníomhaíochtaí spóirt eagraithe.

AGUS IAD EOLACH AR AN MÉID SEO A LEANAS:

5. Is gné ríthábhachtach é aghaidh a thabhairt ar an ngné shóisialta den fhorbairt inbhuanaithe[11] chun grúpaí leochaileacha a chumhachtú sa tsochaí. Is saincheisteanna trasnacha iad saincheisteanna na forbartha inbhuanaithe. Tá an t-eisiamh socheacnamaíoch agus an t-eisiamh daonlathach fite fuaite ina chéile, rud a dhéanann difear don mhéid is féidir le daoine óga a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe. Chun forbairt chothrom, inbhuanaithe agus chuimsitheach a bhaint amach trí phróisis dhaonlathacha, ní mór gach dearcadh agus gach tuairim a chur san áireamh, trí phrionsabail na saoirse cainte agus saoirse an phreasa agus trí phróisis chuimsitheacha ar gach leibhéal.

6. Tá an grúpa a shainímid 'óige' air comhdhéanta de dhaoine ag a bhfuil raon leathan féiniúlachtaí a bhfuil cumais, riachtanais, mianta, acmhainní agus leasanna éagsúla acu, a bhfuil dúshláin éagsúla rompu, a bhfuil deiseanna éagsúla acu agus a thagann ó chúlraí éagsúla oideachais, cultúrtha, geografacha, eacnamaíocha agus sóisialta. Déanann na difríochtaí sin difear dá leasanna, dá bhféidearthachtaí agus dá n-acmhainneacht chun dul i mbun gníomhaíochtaí ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe agus leis an gcomhshaol.

---

[10] Cinneadh (AE) 2021/2316 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le Bliain Eorpach na hÓige (2022), IO L 462, 28.12.2021, lgh. 1-9.

[11] Chun sainmhíniú a fháil ar an 'gné shóisialta den fhorbairt inbhuanaithe', féach Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Iarscríbhinn.

7. Bíonn tionchar ag tosca mar shampla difríochtaí i ndlús daonra agus i struchtúr déimeagrafach, i.e. idir ceantair uirbeacha, thuaithe agus iargúlta, fhorimeallacha, bheagfhorbartha agus na réigiúin is forimeallaí, ar inrochtaineacht agus infhaighteacht bonneagair inbhuanaithe do dhaoine óga.

8. Le paindéim COVID-19, an ghéarchéim fuinnimh a d’eascair as cogadh foghach Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin, agus an ghéarchéim aeráide, tugadh chun solais an neamhionannas inár sochaithe ós rud é go ndearna na géarchéimeanna difear do ghrúpaí daoine óga ar bhealaí éagsúla agus difear díréireach do ghrúpaí áirithe. Le linn na ngéarchéimeanna seo, tá an rochtain mhíchothrom ar chearta an duine ag daoine óga ar lú na deiseanna atá acu níos soiléire fós, mar shampla rochtain ar oideachas agus ar chúram sláinte. Tá réamhchoinníollacha mar shampla meabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil, dálaí maireachtála agus tithíochta, rochtain ar fhoghlaim fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, deiseanna fostaíochta agus gníomhaíochtaí ama fóillíochta ríthábhachtach d’athléimneacht agus do dheiseanna daoine óga maireachtáil go hinbhuanaithe.

9. Tá an daonlathas agus cearta an duine doroinnte ó thaobh na forbartha inbhuanaithe de toisc go mbíonn tionchar díréireach ag an athrú aeráide ar ghrúpaí imeallaithe i gcásanna leochaileacha. Is iad na daoine ar lú na hacmhainní atá acu a mbíonn an deacracht is mó acu oiriúnú d’athruithe a bhaineann leis an aeráid[12], agus is mó seans go nochtfar iad siúd atá i mbaol bochtaineachta do thruailliú agus d’fhadhbanna comhshaoil[13]. Ina theannta sin, i gcás daoine óga a bhraitheann ar acmhainní nádúrtha ar bhealaí éagsúla, bídís ag obair, ag maireachtáil nó ag glacadh páirte ina dtraidisiúin chultúrtha féin, d’fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag an athrú aeráide orthu ar bhealaí a chuireann a gcumhacht chun a saol féin a mhúnlú i mbaol[14].

---

12 Na Náisiúin Aontaithe, *World Youth Report* [Tuarascáil Dhomhanda na hÓige] (2020).

13 Eurostat, *Quality of life indicators – natural and living environment* [Táscairí maidir le caighdeán saoil – comhshaol nádúrtha beo], 2022.

14 Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Forging a climate-resilient Europe – the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change* [Eoraip atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide] COM(2021) 82 final.

MEASANN SIAD AN MÉID SEO A LEANAS:

10. Ba cheart dálaí maithe maireachtála, deiseanna fostaíochta, an chumhacht chun a saol a mhúnlú agus tionchar ar cheapadh beartas agus ar fhorbairt na sochaí a bheith ag gach duine óg. Tá daoine óga ar cheann de na láidreachtaí inár sochaithe, chomh maith le bheith ina sealbhóirí ar chearta an duine aonair agus ina ngníomhaithe ar son an athraithe[15].

11. Cuireann eolas, dearcthaí agus taithí daoine óga le cinntí polaitiúla níos diongbháilte agus is acmhainní luachmhara iad sa phróiseas daonlathach. Ba cheart cur chuige déach a bheith ag beartas na hóige trí thionscnaimh a fhorbairt agus a leagan amach le daoine óga, le haghaidh daoine óga agus ag daoine óga trí rannpháirtíocht ghníomhach fhóinteach daoine óga, agus trí bheartas na hóige a phríomhshruthú sna réimsí beartais uile.

12. Ba cheart do bheartas óige an Aontais, lena n-áirítear Idirphlé Óige an Aontais, rannchuidiú le sochaí a chruthú do gach glúin atá ann anois agus atá le teacht ina bpléifí na dúshláin is mó a bhaineann le saincheisteanna sóisialta mar shampla an bhochtaineacht, an t-uaigneas neamhthoiliúil[16], an mheabhairshláinte, an fhorbairt inbhuanaithe agus an t-athrú aeráide, agus ina réiteofaí na dúshláin sin gan dochar don staid dhomhanda.

13. Tá gá le cuimsiú sóisialta na ndaoine óga uile a mhéadú chun tuiscint ar na dúshláin dhomhanda idirnasctha atá os comhair an domhain a chur chun cinn agus chun tacú le daoine óga an t-eolas a fháil, na scileanna a fhoghlaim agus na hinniúlachtaí a bheith acu a theastaíonn chun maireachtáil ar bhealach níos inbhuanaithe agus chun rannchuidiú, ar bhonn aonair agus ar bhonn comhchoiteann, le sochaí níos inbhuanaithe a bhaint amach. Féadfaidh Erasmus+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, mar aon le scéimeanna agus gníomhaíochtaí saorálaíochta eile nó seirbhísí sibhialta eile ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais, más ann dóibh, agus tionscnaimh le haghaidh rannpháirtíocht saoránach, a bheith ina n-uirlisí úsáideacha chun na gcríoch sin.

15 Conclúidí ón gComhairle maidir le rannpháirteachas a chothú i measc daoine óga mar ghníomhaithe ar son an athraithe chun an comhshaol a chosaint (2022/C 159/07).

16 Chun sainmhíniú a fháil ar ‘uaigneas’, féach Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Iarscríbhinn.

14. Ba cheart rochtain a bheith ag gach duine óg ar fhaisnéis agus sonraí fianaise-bhunaithe fíoraithe, arna leagan amach ar bhealach inrochtana atá fabhrach don óige agus i dteangacha éagsúla chun a áirithiú go bhféadfaidh gach duine óg a gcuid féin a dhéanamh den fhaisnéis agus iompar inbhuanaithe a fhorbairt agus a ról ina ngníomhaithe ar son an athraithe agus ina saoránaigh eolacha a fhorbairt.

CUIREANN SIAD AN MÉID SEO A LEANAS CHUN SUNTAIS:

15. Is de chineál domhanda na dúshláin a bhaineann le paindéim COVID-19, an t-athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta, dá bharr sin, teastaíonn an comhar is leithne is féidir, ar gach leibhéal, chun rannpháirtíocht fhóinteach agus éifeachtach na hóige a chosaint.

16. Tá gá le daoine óga a bheith rannpháirteach a thuilleadh i mbeartais forbartha inbhuanaithe ar gach leibhéal chun gur féidir leas a bhaint as acmhainneacht agus cruthaitheacht daoine óga, agus é á aithint go mbíonn tionchar láidir ag infheistiú i ndaoine óga chun a chinntiú go mbeidh todhchaí inbhuanaithe ann. Tá gá le hidirphlé maidir leis na saincheisteanna eiticiúla agus sóisialta a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe, i measc daoine óga agus idir glúine sa tsochaí, trí idirphlé idirghlúine, mar shampla, chun dóchas a chothú agus chun tuiscint agus meas a chothú ar dhearcthaí agus dálaí éagsúla ina saol.

17. Tá a lán daoine óga san Eoraip ar feasach iad ar na cúrsaí seo agus tá slógadh daoine ann ós rud é gur díol imní dóibh saincheisteanna inbhuanaitheachta agus saincheisteanna comhshaoil. An tráth céanna, tá daoine óga ann nach bhfuil páirteach i saincheisteanna sochaíocha. Ní hionann leibhéal an tslógtha agus an rannpháirteachais ó dhuine óg amháin go duine óg eile; braitheann sé ar thosca éagsúla mar shampla rochtain ar fhaisnéis, cúlra oideachais, stádas socheacnamaíoch nó suíomh geografach. Bíonn spreagadh agus tacaíocht éagsúil ag teastáil ó ghrúpa daoine óga amháin go grúpa daoine óga eile chun bheith rannpháirteach i bhforbairt na sochaí. Is gá, dá bhrí sin, cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh agus gníomhaíochtaí cuimsitheacha agus rannpháirteacha a fhorbairt agus aghaidh á tabhairt ar shaincheisteanna mar shampla, forbairt inbhuanaithe, cearta an duine, comhionannas inscne, comhdheiseanna, ceartas sóisialta agus an t-athrú aeráide.

18. Tá eagraíochtaí don óige, obair óige agus gníomhaíochtaí eile foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla tábhachtach chun faisnéis agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga atá lasmuigh de struchtúir fhoirmiúla agus is minic a chomhlánaíonn siad na seirbhísí a chuireann údaráis phoiblí ar fáil ar gach leibhéal.

TUGANN SIAD AN MÉID SEO A LEANAS DÁ nAIRE:

19. An teachtaireacht ó rannpháirtithe Chomhdháil Óige an Aontais Eorpaigh i mí an Mhárta 2023 maidir lena thábhachtaí atá sé faisnéis iontaofa inrochtana sholáimhsithe a thabhairt do dhaoine óga agus rochtain ar oideachas foirmiúil agus seachfhoirmiúil a thabhairt dóibh maidir leis an inbhuanaitheacht agus leis an athrú aeráide. Tugann siad dá n-aire freisin a dteachtaireacht maidir lena thábhachtaí atá sé cineálacha cur chuige idirghlúine agus idirdhisciplíneacha a úsáid chun daoine óga a chumhachtú tríd an bhfaisnéis, an t-eolas agus na huirlisí is gá a chur ar fáil dóibh maidir le conas páirt a ghlacadh i gcleachtais inbhuanaithe chuimsitheacha.

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT, AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

20. Struchtúir agus deiseanna rialachais inrochtana, inbhuanaithe agus il-leibhéil[17] a chur ar fáil d'eagraíochtaí don óige agus do dhaoine óga, lena n-áirítear grúpaí daoine óga atá faoi ghannionadaíocht, i gcomhréir leis na dea-chleachtais atá ann cheana, e.g. Cód dea-chleachtais Chomhairle na hEorpa maidir le rannpháirtíocht shibhialta sa phróiseas cinnteoireachta[18], chun go mbeidh rannpháirtíocht fhóinteach ann agus chun sásraí inrochtana a éascú chun aiseolas a thabhairt agus meastóireacht a dhéanamh ar phróisis den sórt sin.

21. Deiseanna oideachais a chur chun cinn d'oibrithe don óige chun an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le cuimsiú sóisialta agus forbairt inbhuanaithe ina gcleachtais, ar bhealach neamhfhoirmiúil.

22. A mholadh go ndéanfaí deiseanna oiliúna agus foghlama gairmiúla d'oideoirí a fhorbairt[19], lena n-áirítear oibrithe don óige, chun eolas agus oideachas níos fearr agus cumhacht níos mó a thabhairt do gach duine óg maidir le cúrsaí forbartha inbhuanaithe, ionas go mbeidh an deis ag daoine óga roghanna eolasacha agus inbhuanaithe a dhéanamh sa saol laethúil agus iad a rannpháirtiú i bpróisis chinnteoireachta.

---

[17] Conclúidí ón gComhairle maidir leis an rialachas il-leibhéil a neartú agus rannpháirtíocht na ndaoine óga sa phróiseas cinnteoireachta á cur chun cinn, 2021/C 241/03.

[18] Comhairle na hEorpa, *Code of Good Practice for Civil Participation in the Decision-Making Process* CONF/PLE(2009)CODE1.

[19] Chun sainmhíniú a fháil ar 'oideoir', féach Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Iarscríbhinn.

23. Tús áite a thabhairt don mheabhairshláinte agus don dea-bhail i measc daoine óga, go háirithe trí fhadhbanna meabhairshláinte a aithint mar cheann de na hábhair imní sláinte is mó atá ag daoine óga[20], trí chur chun cinn eolasbhunaithe na meabhairshláinte, litearthacht meabhairshláinte agus iarrachtaí coiscthe i suíomhanna éagsúla a neartú trí chur chuige trasearnála agus trí rochtain chothrom ar sheirbhísí sláinte ardcháilíochta a chur chun cinn agus a fhorbairt, ar seirbhísí iad atá comhtháite, sábháilte agus dírithe ar an duine, chun feabhas a chur ar shláinte, leas agus cáilíocht saoil daoine óga, agus, ar an gcaoi sin, neart agus athléimneacht na sochaí ina hiomláine a mhéadú.

24. Féachaint ar dhearcadh na hóige bunaithe ar chearta[21] a chur i bhfeidhm ar bheartais le haghaidh bonneagar inbhuanaithe, go háirithe i dtaca le hiompar poiblí agus tithíocht inacmhainne agus inrochtana, chun roghanna inbhuanaithe agus glasa a chur ar fáil do gach duine óg.

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, AG CLOÍ LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, INA RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

25. Torthaí an 9ú timthriall d’idirphlé óige an Aontais a chur san áireamh agus beartais a bhaineann leis an gcuimsiú sóisialta agus leis an bhforbairt inbhuanaithe á ndearadh agus á gcur chun feidhme amach anseo.

26. A áirithiú go mbeidh rochtain ag gach duine óg ar a chearta i gcomhréir le dearbhuithe agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta trí dhearcadh na hóige atá bunaithe ar chearta a chur san áireamh nuair a bheidh bearta á ndearadh, á gcur chun feidhme, á bhfaire agus á meas, ar bearta iad a dhéanann difear do dhaoine óga ar gach leibhéal. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí cinnteoirí a chumasú ionas go mbeidh na hinniúlachtaí is gá acu agus rochtain ar na huirlisí iomchuí chun próisis chinnteoireachta chuimsitheacha agus rannpháirteacha a chruthú.

---

[20] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, *Children and mental health: preventive approaches to anxiety and depression* [Leanaí agus meabhairshláinte: cur chuige coisctheach i leith imní agus dúlagair], Oifig na bhFoilseachán, 2021.

[21] Chun sainmhíniú a fháil ar ‘dearcadh na hóige bunaithe ar chearta’, féach Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Iarscríbhinn.

27. Tuilleadh tacaíochta a thabhairt do thaighde agus anailís, ag baint úsáide as uirlisí atá ann cheana mar shampla Youth Wiki[22], agus sonraí imdhealaithe a bhailiú maidir leis an mbaint atá ag an eisiamh sóisialta agus ag an athrú aeráide le meabhairshláinte, dea-bhail agus dálaí maireachtála daoine óga, agus aird á tabhairt air go bhféadfadh gá a bheith le táscairí agus sásraí faireacháin nua chun tionchar an eisiaimh shóisialta agus an athraithe aeráide a thomhas.

28. Feabhas a chur ar inrochtaineacht sásraí rannpháirtíochta éagsúla mar shampla comhairlí óige, éisteachtaí óige agus comhdhálacha rannpháirtíochta, lena n-áirítear Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh, chomh maith le huirlisí digiteacha le haghaidh rannpháirtíochta, ag áirithiú ag an am céanna go ndíríonn siad ar na hábhair imní atá ag grúpaí éagsúla daoine óga sa tsochaí, grúpaí daoine óga nach ndéantar ionadaíocht dóibh agus atá faoi ghannionadaíocht san áireamh, chun go nglacfaidh siad páirt agus ról ceannaireachta sna sásraí sin.

29. Leas a bhaint as acmhainneacht iomlán chlár Erasmus+, an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus CSE+, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, tionscnamh ALMA chun deiseanna a chruthú le haghaidh tionscadail agus gníomhaíochtaí soghluaisteachta atá níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe, soghluaisteachtaí hibrideacha san áireamh, do gach duine óg. Ba cheart béim ar leith a chur ar rannpháirtíocht daoine óga ar lú na deiseanna atá acu.

[22] Is ardán ar líne é Youth Wiki atá á óstáil ag an gCoimisiún Eorpach ina gcuirtear faisnéis faoi bheartais óige thíortha na hEorpa i láthair.

IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, I gCOMHRÉIR LE PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

30. A áirithiú go ndéanfar bearta faisnéise fadtéarmacha ar an leibhéal Eorpach, lena n-áirítear trí Thairseach Eorpach na hÓige agus uirlisí faisnéise ábhartha eile, ar bhealach atá báúil leis an óige agus atá cuimsitheach, ilteangach agus inrochtana i dtaca le beartais agus cláir an Aontais a bhfuil baint acu leis an bhforbairt inbhuanaithe agus leis an athrú aeráide, chomh maith le próisis rannpháirtíochta laistigh de na hinstitiúidí Eorpacha.

31. Deiseanna a éascú le haghaidh gníomhaíochtaí piarfhoghlama maidir le hinbhuanaitheacht agus cuimsiú.

32. Cur chuige trasearnála agus sineirgí le tionscnaimh eile a chur chun cinn a thuilleadh agus tacú leo a thuilleadh, mar shampla‘Oideachas le haghaidh Comhghuaillíocht Aeráide’, an moladh ón gComhairle maidir le foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe[23] agus ‘Bauhaus Eorpach Nua’.

[23] IO C 243, 27.6.2022, lgh. 1–9.

**IARSCRÍBHINN I A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN**

TAGAIRTÍ

Agus na conclúidí seo á nglacadh acu, tugann an Chomhairle agus ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, dá n-aire na doiciméid seo a leanas:

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *The European Green Deal* [an Comhaontú Glas don Eoraip], COM(2019) 640 final.

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Forging a climate-resilient Europe – the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change* [Eoraip atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide] COM(2021) 82 final.

- Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige cuimsitheach chun dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe – Atógáil ar bhealach níos fearr tar éis ghéarchéim COVID-19 (9850/21).

- Conclúidí ón gComhairle maidir le spásanna sibhialta a chosaint agus a chruthú do dhaoine óga lena n-éascaítear rannpháirtíocht fhóinteach na hóige (2021/C 501 I/04).

- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngné idirghlúine i réimse na hóige a chur chun cinn chun idirphlé agus comhtháthú sóisialta a chothú (2022/C 495/03).

- Conclúidí ón gComhairle maidir le rannpháirteachas a chothú i measc daoine óga mar ghníomhaithe ar son an athraithe chun an comhshaol a chosaint (2022/C 159/07).

- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an rialachas il-leibhéil a neartú agus rannpháirtíocht na ndaoine óga i bpróisis chinnteoireachta á cur chun cinn 2021/C 241/03.
- Comhairle na hEorpa, *Code of Good Practice for Civil Participation in the Decision-Making Process*, CONF/PLE(2009)CODE1.
- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Union of Equality: Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021-2030* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030], COM/2021/101 final.
- Cinneadh (AE) 2021/2316 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le Bliain Eorpach na hÓige (2022), *IO L 462, 28.12.2021, lgh. 1-9*.
- An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, *Children and Mental Health: preventive approaches to anxiety and depression* [Leanaí agus Meabhairshláinte: cur chuige coisctheach i leith imní agus dúlagair]: an tArdán Eorpach um Infheistíocht i Leanaí, Oifig na bhFoilseachán, 2021.
- Eurostat, *Quality of life indicators – natural and living environment* [Táscairí maidir le caighdeán saoil – comhshaol nádúrtha beo]. Mí Mheán Fómhair 2022.
- Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach, Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (2017/C 428/09).
- Creat le haghaidh chur chun feidhme Straitéis um Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip ó 2021 go 2030.
- Tuarascáil um Eolaíocht le haghaidh Beartais JRC, Baarck, J., Balahur-Dobrescu, A., Cassio, L.G., D'hombres, B., Pasztor, Z. agus Tintori, G., *Loneliness in the EU.* Léargais ó shuirbhéanna agus sonraí meán ar líne, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2021.
- ECFE, *Global Teaching InSights, Teaching for Climate Action — Summary of Insights*, 2021.

- Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027. *IO C 456, 18.12.2018.*
- Stócólm + 50, An Páipéar Domhanda maidir le Beartas na hÓige: An Tríú Leagan Oifigiúil, Bealtaine 2022.
- Claochlú ár saol*:* Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe; Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, A/RES/70/1.
- Na Náisiúin Aontaithe, An Tuarascáil um an Óige Dhomhanda(2020).
- Na Náisiúin Aontaithe, Comhaontú Pháras, 2015.
- Na Náisiúin Aontaithe, Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Sraith Conarthaí 2515, 2006.
- Na Náisiúin Aontaithe, Coinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil, Aarhus, 1998.
- Na Náisiúin Aontaithe, Coinbhinsiún um Chearta an Linbh (1989) Conradh uimh. 27531. Sraith Conarthaí na Náisiún Aontaithe, 1577, Airteagal 12.
- Na Náisiúin Aontaithe, Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, 1948.
- Na Náisiúin Aontaithe, Tuarascáil ón gCoimisiún Domhanda um Chomhshaol agus Forbairt, *Our common future*,[Ár dtodhchaí choiteann], [Tuarascáil Brundtland], A/42/427, 1987.

## IARSCRÍBHINN II A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

SAINMHÍNITHE

Chun críocha na gconclúidí seo ón gComhairle, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

Oideoirí: áirítear múinteoirí (a n-aithnítear go bhfuil stádas múinteora nó a chomhionann acu de réir na reachtaíochta agus an chleachtais náisiúnta) agus oiliúnóirí (aon duine a dhéanann gníomhaíocht amháin nó níos mó a bhaineann leis an bhfeidhm oiliúna teoiriciúla nó praiticiúla, in institiúid oideachais nó oiliúna nó san ionad oibre). Áirítear leis sin múinteoir a bhíonn ag plé leis an oideachas ginearálta agus leis an ardoideachas, múinteoirí agus oiliúnóirí a bhíonn ag plé leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint tosaigh agus leanúnach mar aon le gairmithe oideachais agus cúraim don luath-óige agus oideoirí aosach agus oibrithe don óige[24].

Uaigneas: gabhann gné láidir shuibiachtúil leis an uaigneas. Braistint is ea é go bhfuil míréir ann idir an líonra caidrimh a theastaíonn ó dhuine a bheith aige agus an líonra caidrimh atá aige. Mothaítear é mar eispéireas thar a bheith diúltach. Ní hé amháin a laghad teagmhálacha sóisialta atá ag an duine, ach an tuairim freisin nach bhfuil na caidrimh sin sásúil go leor. I bhfocail eile, ní hionann a bheith uaigneach agus a bheith i d’aonar, ach go mbraitheann tú i d’aonar. Ar an gcaoi sin, tá an t-uaigneas difriúil le himeallú sóisialta, a bhfuil ciall oibiachtúil leis, is é sin easpa caidreamh le daoine eile agus/nó líon an-bheag caidreamh a bhfuil aon substaint leo[25].

---

24 Mar a shainítear sna Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le hoideachas agus oiliúint a chur ar oibrithe don óige (*IO C 412, 9.12.2019*) agus sa Mholadh ón gComhairle maidir le foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe (*IO C 243, 27.6.2022*).

25 Tuarascáil um Eolaíocht le haghaidh Beartais JRC, Baarck, J., Balahur-Dobrescu, A., Cassio, L.G., D’hombres, B., Sagart, Z. agus Tintori, G., *Loneliness in the EU. Insights from surveys and online media data* [An t-uaigneas san Aontas. Léargais ó shuirbhéanna agus sonraí meán ar líne], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2021.

Dearcadh na hóige bunaithe ar chearta[26]: le dearcadh na hóige bunaithe ar chearta nasctar cuspóirí beartais náisiúnta maidir leis an óige le cearta leanaí agus ógánach mar a shainítear iad i gcoinbhinsiúin, dlíthe agus rialacháin idirnáisiúnta. Ba cheart an dearcadh sin a bheith bunaithe ar thaighde agus ar staidreamh agus é a bheith d'aidhm aige dálaí a chruthú chun daoine óga a áireamh i bhforbairt ghinearálta na sochaí, ar a dtionscnaimh féin agus ar thionscnaimh cinnteoirí araon. Féadfaidh dearcadh na hóige bunaithe ar chearta feidhmiú mar mhodh chun go bhféadfaidh cinnteoirí inniúlachtaí ábhartha a shealbhú chun dearcthaí daoine óga a chur san áireamh sa chinnteoireacht.

An ghné shóisialta den fhorbairt inbhuanaithe: de ghnáth is é an sainmhíniú a thugtar ar an bhforbairt inbhuanaithe forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais an lae inniu gan baint ó chumas na nglún atá le teacht freastal ar a riachtanais féin[27]. Chuige sin, ní mór freastal ar riachtanais bhunúsacha gach duine agus ní mór an deis a thabhairt dóibh a mianta a fháil maidir le saol níos fearr a bheith acu. Tá 3 ghné san fhorbairt inbhuanaithe: gné eacnamaíoch, gné shóisialta agus gné chomhshaoil. Tá an ghné shóisialta den fhorbairt inbhuanaithe bunaithe ar luachanna bunúsacha na cothroime agus an daonlathais, lena n-áirítear teachtadh éifeachtach chearta uile an duine – polaitiúil, sibhialta, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha – ag gach duine. In 2021 d'athdhearbhaigh an Chomhairle a thábhachtaí atá sé gné shóisialta na forbartha inbhuanaithe a neartú chun cearta an duine, comhionannas inscne, an cuimsiú, forbairt dhaonna, comhtháthú sóisialta agus comhionannas de gach cineál a chur chun cinn mar aon leis an idirphlé sóisialta, sláinte agus sábháilteacht ceirde agus obair chuibhiúil[28].

---

26 Gníomhaireacht na Sualainne um an Óige agus an tSochaí Shibhialta.

27 Na Náisiúin Aontaithe, Tuarascáil ón gCoimisiún Domhanda um Chomhshaol agus Forbairt, *Our common future*,[Ár dtodhchaí choiteann], [Tuarascáil Brundtland], A/42/427, 1987.

28 Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige cuimsitheach chun dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe – Atógáil ar bhealach níos fearr tar éis ghéarchéim COVID-19, (9850/21).